Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 23 Márta 2022**
**(OR. fr)**

**7434/22**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2022/0082(NLE)**

**PROBA 8**
**AGRI 112**
**WTO 45**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 21 Márta 2022 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2022) 117 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le tabhairt i gcrích leasuithe áirithe maidir leis an gComhaontú Idirnáisiúnta Siúcra, 1992 |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2022) 117 final.

---

Faoi iamh: COM(2022) 117 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 21.3.2022
COM(2022) 117 final

2022/0082 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

## maidir le tabhairt i gcrích leasuithe áirithe maidir leis an gComhaontú Idirnáisiúnta Siúcra, 1992

GA GA

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

### • Forais agus cuspóirí an togra

Is páirtí é an tAontas sa Chomhaontú Idirnáisiúnta Siúcra[1], ('an Comhaontú') agus is ball é den Eagraíocht Idirnáisiúnta Siúcra ('ISO'). Le Cinneadh (AE) 2017/2242 ón gComhairle an 30 Samhain 2017[2] agus Cinneadh (AE) 2019/2136[3] ón gComhairle, thug an Chomhairle údarú don Choimisiún tús a chur le caibidlíocht le páirtithe sa Chomhaontú, d'fhonn an Comhaontú a nuachóiriú, go háirithe a mhéad a bhaineann leis na neamhréireachtaí idir líon vótaí na mBall agus a gcuid ranníocaíochtaí airgeadais ar thaobh amháin agus a seasamh coibhneasta i margadh domhanda an tsiúcra ar thaobh eile.

Rinneadh an leasú ar an gComhaontú a chaibidliú i gcomhairle leis an Meitheal um Thráchtearraí (PROBA) agus léirítear ann go cuí na treoracha caibidlíochta a d'eisigh an Chomhairle. Baineann na hathruithe leis na trí réimse seo a leanas: an buiséad riaracháin agus ranníocaíochtaí na mBall faoi Airteagal 25; leathnú na gcuspóirí, na staidéar, na meastóireachtaí agus na ngníomhaíochtaí taighde chun gur féidir táirgí eile atá bainteach le siúcra (go háirithe bitheatánól), a chuimsiú faoi raon feidhme Airteagal 1, 32, 33 agus 34; agus na rialacha maidir leis an Stiúrthóir Feidhmiúcháin a cheapadh faoi Airteagal 23.

Le linn an 59ú Cruinniú den Chomhairle Idirnáisiúnta Siúcra an 26 Samhain 2021, vótáil an Chomhairle Idirnáisiúnta Siúcra ('ISC') d'aon toil i bhfabhar a mholadh do Bhaill ISO an Comhaontú a leasú, i gcomhréir le toradh na caibidlíochta.

Is é is cuspóir don Chinneadh sin ón gComhairle na leasuithe a fhormheas agus na daoine, a gcumhachtaítear dóibh an fógra i dtaobh glacadh leis an leasú a thaisceadh, thar ceann an Aontais, ag an suíomh ainmnithe, na daoine sin a ainmniú.

## 2. BUNÚS DLÍ

I gcomhréir le hAirteagal 207(4) agus le hAirteagal 218(6) pointe (a)(v) den CFAE, ba cheart don Choimisiún, ina cháil mar idirbheartaí agus leasuithe á ndéanamh ar an gComhaontú, togra a chur faoi bhráid na Comhairle maidir leis na leasuithe ar an gComhaontú a thabhairt i gcrích tar éis toiliú a fháil ó Pharlaimint na hEorpa.

## 3. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Faoi na rialacha reatha maidir le ranníocaíochtaí airgeadais le ISO, tá sciar ranníocaíochta airgeadais an Aontais díobh gan athrú go praiticiúil ó bhí 1992 ann cé gur tháinig athrú mór ar mhargadh domhanda an tsiúcra ó shin, agus go háirithe seasamh coibhneasta an Aontais ann. Mar thoradh air sin, ghlac an tAontas sciar ard díréireach de na costais bhuiséadacha[4].

[1] Cinneadh ón gComhairle an 13 Samhain 1992 maidir le síniú agus tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe Idirnáisiúnta Siúcra 1992 (92/580/CEE) (IO L 379, 23.12.1992, lch. 15).

[2] Cinneadh (AE) 2017/2242 ón gComhairle an 30 Samhain 2017 lena n-údaraítear tús a chur le caibidlíocht chun an Comhaontú Idirnáisiúnta Siúcra 1992 a leasú (IO L 322, 7.12.2017, lch. 29).

[3] Cinneadh (AE) 2019/2136 ón gComhairle an 5 Nollaig 2019 lena n-údaraítear tús a chur le caibidlíocht chun an Comhaontú Idirnáisiúnta Siúcra 1992 a leasú (IO L 324, 13.12.2019, lch. 3–4).

[4] Baintear úsáid as líon na vótaí, a chinntear i gcomhréir le hAirteagal 25, mar aon leis an méid in aghaidh an vóta chun ranníocaíocht airgeadais gach Baill i mbuiséad bliantúil ISO a ríomh.

Ach an leasú ar Airteagal 25 den Chomhaontú a bheith formheasta, leasú lena rialaítear glacadh an bhuiséid riaracháin agus ranníocaíochtaí na mBall, is fearr a bheidh an ríomh le haghaidh na vótaí ailínithe leis an margadh domhanda siúcra atá ann faoi láthair. Foráiltear maidir le hidirthréimhse deich mbliana ar a mhéad, tréimhse inar teoranta an t-athrú bliantúil ar líon na vótaí teoranta do 15 % sa chéad chúig bliana lena linn agus do 20 % i gcás an chuid atá fágtha den idirthréimhse. Leis an athrú ar an modh ríofa laghdófar líon na vótaí chun críocha buiséadacha a dháiltear ar an Aontas, rud a laghdóidh, dá bharr sin, ranníocaíocht an Aontais le ISO.

## 4. EILIMINTÍ EILE

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

I gcomhréir le hAirteagal 44(1) den Chomhaontú, tabharfaidh gach Ball fógra don taiscí go nglacann sé leis an leasú laistigh den tréimhse ama a bheidh socraithe ag ISC. De réir an tráthchláir arna chomhaontú ag ISC, tá ag na Baill go dtí an 25 Samhain 2022 formheas a fháil ar na leasuithe i gcomhréir lena nósanna imeachta bunreachtúla. Tar éis dóibh an formheas a fháil, caithfidh na Baill fógra taisclainne a chur ar fáil maidir le glacadh leis na leasuithe ag Ardrúnaí na Náisiún Aontaithe i Nua Eabhrac roimh an 30 Meitheamh 2023.

2022/0082 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

## maidir le tabhairt i gcrích leasuithe áirithe maidir leis an gComhaontú Idirnáisiúnta Siúcra, 1992

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 207(4) de, i gcomhar le hAirteagal 218(6), an dara fomhír, pointe (a) (v), de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint don toiliú ó Pharlaimint na hEorpa,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Is páirtí é an tAontas sa Chomhaontú Idirnáisiúnta Siúcra, 1992 ('an Comhaontú'), a thug an tAontas i gcrích le Cinneadh 92/580/CEE[1] ón gComhairle agus is ball é den Eagraíocht Idirnáisiúnta Siúcra ('ISO').

(2) Ar bhonn san ordaithe a tugadh le Cinntí (AE) 2017/2242[2] agus (AE) 2019/2136[3] ón gComhairle, rinne an Coimisiún caibidliú, thar ceann an Aontais le baill eile ISO chun an Comhaontú a leasú, faoi threoir Chomhdháil na Náisiún Aontaithe ar Thrádáil agus Forbairt.

(3) Tugadh an caibidliú ar na leasuithe ar an gComhaontú i gcrích agus rinne an Chomhairle Siúcra Idirnáisiúnta an fhoclaíocht a fhormheas le linn a 57ú seisiún i mí na Samhna 2020 agus a 58ú seisiún i mí an Mheithimh 2021.

(4) Aon leasú a chomhaontófar i gcaibidlíocht, beidh siad le moladh do bhaill ISO ag an gComhairle Siúcra Idirnáisiúnta i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar amach in Airteagal 44 den Chomhaontú.

(5) Le Cinneadh (AE) 2021/1851[4] ón gComhairle údaraíodh don Choimisiún vótáil i bhfabhar a mholadh do bhaill ISO an Comhaontú a leasú, le linn an vóta speisialta a bhí ar siúl ag an 59ú seisiún den Chomhairle Idirnáisiúnta Siúcra i mí na Samhna 2021. Vótáil an Chomhairle Idirnáisiúnta Siúcra ina fhabhar d'aon toil.

(6) De bhun Airteagal 44(1) den Chomhaontú, tá ar gach Ball ISO fógra a thabhairt don taiscí maidir lena ghlacadh leis na leasuithe.

---

1 Cinneadh ón gComhairle an 13 Samhain 1992 maidir le síniú agus tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe Idirnáisiúnta Siúcra 1992 (92/580/CEE) (IO L 379, 23.12.1992, lch. 15).

2 Cinneadh (AE) 2017/2242 ón gComhairle an 30 Samhain 2017 lena n-údaraítear tús a chur le caibidlíocht chun an Comhaontú Idirnáisiúnta Siúcra 1992 a leasú (IO L 322, 7.12.2017, lch. 29).

3 Cinneadh (AE) 2019/2136 ón gComhairle an 5 Nollaig 2019 lena n-údaraítear tús a chur le caibidlíocht chun an Comhaontú Idirnáisiúnta Siúcra 1992 a leasú (IO L 324, 13.12.2019, lch. 3-4).

4 Cinneadh (AE) 2021/1851 ón gComhairle an 15 Deireadh Fómhair 2021 maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhairle Siúcra Idirnáisiúnta a mhéid a bhaineann leis na leasuithe ar an gComhaontú Idirnáisiúnta Siúcra 1992 agus leis an tráthchlár chun iad a chur chun feidhme (IO L 374, 22.10.2021, p. 49–51).

(7) Ba cheart na leasuithe ar an gComhaontú a bheith formheasta ag an Aontas,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Na leasuithe ar an gComhaontú Idirnáisiúnta Siúcra, 1992, is leasuithe iad anois atá formheasta thar ceann an Aontais.

Tá téacs na leasuithe i gceangal leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

Tabharfaidh an Coimisiún, thar ceann an Aontais, fógra don taiscí maidir lena ghlacadh leis na leasuithe dá bhforáiltear in Airteagal 44(1) den Chomhaontú d'fhonn toiliú an Aontais a bheith faoi cheangal ag an gComhaontú a chur in iúl.

*Airteagal 3*

Cuirfear an Cinneadh i bhfeidhm an [ ][5].

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

---

5 Foilseoidh Ardrúnaíocht na Comhairle dáta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

# RÁITEAS AIRGEADAIS

| | | |
|---|---|---|
| **RÁITEAS AIRGEADAIS** | | FinancSt/10/<br>PSH/cl/830164 |
| | | 6.22.2022.1 |
| | | DÁTA: 01.02.2022 |
| 1. | CEANNTEIDEAL BUISÉID:<br>14 20 03 06 Eagraíochtaí agus Comhaontuithe Idirnáisiúnta | LEITHREASUITHE:<br>B2022 5 300 000 EUR |
| 2. | TEIDEAL:<br>Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích leasuithe maidir leis an gComhaontú Idirnáisiúnta Siúcra, 1992. | |
| 3. | BUNÚS DLÍ: Airteagal 207(4) agus Airteagal 218(6) (a) (v) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh | |
| 4. | AIDHMEANNA:<br>Is é is cuspóir don Chinneadh sin ón gComhairle na leasuithe a fhormheas agus na daoine, a gcumhachtaítear dóibh an fógra i dtaobh glacadh leis an leasú a thaisceadh, thar ceann an Aontais, ag an suíomh ainmnithe, na daoine sin a ainmniú, de réir Airteagal 44(1) den Chomhaontú.<br><br>Baineann an leasú leis an mbuiséad riaracháin agus le ranníocaíochtaí na mBall (Airteagal 25); leathnú na gcuspóirí, na staidéar, na meastóireachtaí agus na ngníomhaíochtaí taighde chun gur féidir táirgí eile atá bainteach le siúcra a chuimsiú (Airteagail 1, 32, 33 agus 34) agus na rialacha maidir leis an Stiúrthóir Feidhmiúcháin a cheapadh (Airteagal 23).<br><br>Go háirithe, tugtar le hAirteagal 25 modh ríofa athbhreithnithe agus sásra coigeartaithe nuashonraithe níos éifeachtaí chun sciar an Aontais de na costais bhuiséadacha agus den fhreagracht bhuiséadach laistigh de ISO a normalú. | |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| 5. | IMPLEACHTAÍ AIRGEADAIS | TRÉIMHSE 12 MHÍ<br><br>(EUR milliún) | AN BHLIAIN AIRGEADAIS REATHA<br>2022<br>(EUR milliún) | AN CHÉAD BHLIAIN AIRGEADAIS EILE<br>2023<br>(EUR milliún) |
| 5.0 | CAITEACHAS<br>- ARNA MHUIREARÚ AR BHUISÉAD AN AONTAIS (AISÍOCAÍOCHTAÍ/IDIRGHABHÁLACHA)<br>- ÚDARÁIS NÁISIÚNTA<br>- EILE | - | - | - |
| 5.1 | IONCAM<br>- ACMHAINNÍ DÍLSE AN AONTAIS (TOBHAIGH/DLEACHTANNA CUSTAIM)<br>- NÁISIÚNTA | | | |
| | | 2024<br>(EUR milliún) | | |
| 5.0.1<br>5.1.1 | CAITEACHAS MEASTA<br>IONCAM MEASTA | - | | |
| 5.2 | MODH RÍOFA: | | | |

| | | |
|---|---|---|
| 6.0 | AN FÉIDIR AN TIONSCADAL A MHAOINIÚ Ó LEITHREASUITHE A CUIREADH ISTEACH I gCAIBIDIL ÁBHARTHA AN BHUISÉID ATÁ ANN FAOI LÁTHAIR? | IS FÉIDIR |
| 6.1 | AN FÉIDIR AN TIONSCADAL A MHAOINIÚ TRÍ AISTRIÚ A DHÉANAMH IDIR CAIBIDLÍ AN BHUISÉID ATÁ ANN FAOI LÁTHAIR? | - |
| 6.2 | AN mBEIDH GÁ LE BUISÉAD FORLÍONTACH? | - |
| 6.3 | AN mBEIDH GÁ LE LEITHREASUITHE A CHUR ISTEACH I mBUISÉID AMACH ANSEO? | IS FÉIDIR |

NÓTAÍ:

Is féidir go mbeidh iarmhairtí airgeadais ag an togra ó 2024 ach ní féidir iad a chainníochtú faoi láthair. Braithfidh sciar an Aontais den ranníocaíocht airgeadais ar líon críochnaitheach na vótaí a gheobhaidh an tAontas i ndiaidh chomhaontú an leasaithe. Is é is dóichí go laghdófar sciar an Aontais.